

LÉANN FEIMINEACH
AGUS INSCNE NA GAEILGE

Léachtaí Cholm Cille 53

in eagar ag
TRÍONA NÍ SHÍOCHÁIN
le
MÁIRE NÍ ANNRACHÁIN



AN SAGART
MAIGH NUAD
2023

[Faint, illegible text visible through the paper from the reverse side]

An Chuisle Ealaíonta

Cen Áinius le Criostóir Ó Loingsigh

maille le
**Réamhaiste ar Comrac Liadaine agus Cuirithir
le David Stifter**

[Faint, illegible text visible through the paper from the reverse side]

I 2022, chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil chun coimisiúiní a dhéanamh ar phiosa nua-cheaptha ceoil bunaithe ar shaothar Sean-Ghaeilge ar théama na mban do Léachtaí Cholm Cille. Iarradh ar an gcumadóir ceoil, Criostóir Ó Loingsigh, ar scoláire Sean-Ghaeilge chomh maith é, píosa nua ceoil a cheapadh agus a chur i láthair na comhdhála dá réir. Roghnaigh sé an dán iomráiteach Cen Áinius ó Comrac Liadaine agus Cuirithir, saothar ina bhfuil guth an bhanfhile, Liadain, lárnach. Mar chuid den phróiseas cumadóireachta, chuaigh an Loingseach i gcomhairle leis an Ollamh David Stifter, a roinn an t-eolas doimhin atá aige ar an dán agus ar an scéal go fíal leis. Is ar an eolas sin ó David Stifter a bhunaigh an cumadóir an léamh a rinne sé féin ar an dán. Gheobhfar thíos aiste ó David Stifter a thugann réamhrá an chumadóir ar phróiseas na cumadóireachta, chomh maith leis an scór ceoil féin ina dhiaidh sin. Cuireadh an saothar ceoil seo i láthair beo ag Léachtaí Cholm Cille ar an 10 Meán Fómhair 2022.

[Faint, illegible text visible through the paper from the reverse side]

**COMRAC LIADAINE 7 CHUIRITHIR:
'MAR A THÁINIG LIADHAIN AGUS CUIRITHIR
LE CHÉILE'¹**

DAVID STIFTER

Scéal rómánsach tragóideach is ea an scéal gearr Sean-Ghaeilge *Comrac Liadaine 7 Chuirithir* (CLC). Foilsíodh an chéad eagrán de in éineacht le haistriúchán le Kuno Meyer i 1902. Is ar leagan Meyer is mó a tarraingíodh sna haistriúcháin uile a rinneadh ina dhiaidh, cibé acu an scéal ina iomláine, nó dánta faoi leith as, cuirim i gcás leagan Patrick L. Henry (1991: 52–59). Níl téacs Meyer sásúil go huile is go hiomlán áfach. Dá bhrí sin, foilseoidh mé eagrán nua de CLC amach anseo, ina mbeidh buntéacs difriúil ón gceann a d'fhoilsigh Meyer breis agus céad bliain ó shin.²

Tá cúpla ciall leis an bhfocal Sean-Ghaeilge *comrac*, mar atá, 'teagmháil, coimhlint', ach freisin 'comhriachtain'. Ní léir ar fad cén chiall díobh is fearr sa chás seo; b'fhéidir gur roghnaigh an t-údar teideal débhríoch d'aon ghnó, teideal atá oiriúnach do dhébhríocht an scéil tríd is tríd. Tá cuid mhór den insint doiléir, agus, ar deireadh, fágтар a lán ceisteanna ag an léitheoir faoi cad a tharla go díreach sa scéal, agus cén fáth ar tharla na rudaí seo nó cén fáth nár tharla an rud lena mbeifí ag súil.

Na lámhscríbhinní agus an teanga

Tá CLC caomhnaithe in dhá lámhscríbhinn ón 16ú céad: LS H 3.18 (uimhir na catalóige 1337) ll. 759–760 i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus LS Harleian 5280, fóilió 26 recto agus verso, i Leabharlann na Breataine. Tá an dá leagan an-chosúil lena chéile, agus ní fearr ceann acu ná a chéile: toisc go bhfuil corr-nuachóiriú le fáil i ngach aon cheann acu, is gá téacs an eagráin is fearr a athchruthú i ngach aon chás as féin. Is cosúil go dtagann an dá chóip ó aircitíopa comhchoiteann, is é sin le rá, go díreach ón bhunchóip Shean-Ghaeilge nó – rud is dóichí – ó chóip Mheán-Ghaeilge idirmheánach, toisc go bhfuil na dearmaid pinn chéanna comhroinnte idir an dá lámhscríbhinn, dearmaid nach dócha a bhí sa bhunchóip.

¹ Gabhaim buíochas le Gobnat Ní Eideáin, Máire Ní Annracháin, Tríona Ní Shíocháin agus Criostóir Ó Loingsigh as cuidiú liom maidir le cúrsaí Gaeilge.

² Tá an t-aistriúchán le Máirín Ní Dhonnchadha agus Seamus Deane (2002: 115–118) bunaithe ar leagan eile, neamh-foilsithe, den téacs le Máirín Ní Dhonnchadha, chomh maith.

Cé go bhfuil an scéal suite sa 7ú haois, is léir ón teanga nár scríobhadh níos luaithe ná an 9ú haois nó go moch sa 10ú haois é. Cé gur cheap agus go gceapann go leor scoláirí go fóill go raibh na véarsaí go bunúsach ann agus gur cruthaíodh an próis ina dhiaidh sin mar 'dhroichead' idir na rainn nó mar 'chreat' ina dtimpeall, táimse den tuairim nach bhfuil difríocht teanga agus stíle ann idir an próis agus an fhilíocht. Tá an meon cruthaitheach, débhríoch céanna, agus uaireanta diabharta, le brath sna rainn agus sna sleachta inste. Taispeánann cúpla rím nach féidir go bhfuil an fhilíocht níos sine ná an 9ú haois. Creidim go diongbháilte gurb é an t-údar céanna a scríobh an scéal iomlán, idir phrós agus fhilíocht, le linn an 9ú nó an 10ú haois. Is beag an baol gur dánta barántúla de chuid Liadhaine, banfhile de chuid an 7ú haois (féach thíos), atá sna rainn atá curtha ina béal sa scéal toisc go bhfuil teanga na ndán ró-óg.

Suíomh, carachtair agus téamaí an scéil

Is caidreamh nó idirghníomhú ceathrair carachtar atá i bplota CLC, go bunúsach. Is filí iad an dá phríomhcharachtar, Liadhain agus Cuirithir mac Dobharchon. Ina theannta sin, tá ról cinntitheach sa scéal ag Mac Dá Chearda, ard-óinmhid agus ardfhile na hÉireann, agus Naomh Cuimín Fada. Ní léir an daoine stairiúla iad Liadhain agus Cuirithir. Luaitear ainm Liadhaine dhá uair eile i lámhscríbhinní na Gaeilge. Tá rann amháin, ina ndeirtear gur banfhile darb ainm *Liadain* a scríobh, caomhnaithe i dtráchtas faoi lochtanna meadarachta dar teideal *Trefocal* (Breatnach 2017: 18–20, 39). Agus tá a hainm luaite i mbrollach an dáin *Aithbe dam-sa bés mara* (nó *Caoineadh Cailleach Béarra* mar is fearr aithne air) i LS H.3.18 (1337), l. 42, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i measc grúpa de mhná 'amhra' ó Chorca Dhuibhne. Tugtar *ben Chuirithir* 'bean chéile Chuirithir' uirthi ann. Níl eolas ar Chuirithir ar fáil in aon áit eile.

Bíodh sin mar atá, is duine stairiúil é Cuimín Fada gan aon dabht. Naomh cumhachtach cáiliúil a bhí ann a mhair thart ar 590/2–662. Maireann leabhar aithrí as a lámh ina ndírítear ar ábhar an iompair (nó an mhí-iompair) chollaí, rud a thagann leis an téama atá i lár CLC freisin. Agus is cosúil gur charachtar stairiúil é Mac Dá Chearda freisin: Comhghán mac Maol Ochtraigh, rí Déise Mumhan a ainm beacht. Bíonn Cuimín Fada agus Mac Dá Chearda mar phríomhcharachtair i roinnt mhaith scéalta eile atá suite sa Mhumhain (Ó Coileáin 1974). Mar achoimre, is cosúil go bhfuil imeachtaí CLC ag tarlú i lár an 7ú haois.

Tosaíonn an scéal in áit neamhshonraithe i gCúige Chonnacht, ach, ó mhír 2, tarlaíonn an chuid eile den scéal (a bhfuil 37 mír aige i m'eagrán féin; Stifter le heisiúint) sa Mhumhain. Ní luaitear aon logainm, ach is cosúil go

bhfuil na himeachtaí ag tarlú i gCill Achaidh Chonchinn i gCorca Dhuibhne ar dtús, agus ansin i gCluain Feartha don chuid is mó den scéal.

Is é an téama is tábhachtaí i CLC, ná conas feidhmiú i gcoinne na neamhréire idir grá gnéasach le duine den inscne eile agus umhlaíocht don chumhacht mheitifisiciúil, agus conas an neamhréir sin a réiteach. Cé go bhfuil an dá an bhfíor dorcha, Cuimín Fada – isteach níos mó ar Liadhain. Scéal den chinéal ‘triantán suthain’ is ea CLC, is é sin le rá go bhfuil cosúlacht ann le scéalta cosúil le *Longas mac nUislenn (Oidheadh Chloinne hUisneach)* nó *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* sa traidisiún Gaelach, nó *Tristan agus Isolt* sa traidisiún cúirtéiseach uile-Eorpach (Carney 1955: 220–3). Tugann Liadhain iarracht ar bheatha chráifeach gheanmnaí a chaitheamh agus í ina cleamhnas le Cuirithir, ach tuigeann seisean nach féidir ‘é a bheith ina ghruth agus ina mheadhg acu’. Dá bhrí sin, cuireann sé líne chríche leis an gcaidreamh chun a sheasmhacht mheabhrach a chaomhnú.

Is minic a cuireadh i leith an scéil go bhfuil sé ‘scaipthe’ nó ‘measctha’ sa chruth ina bhfuil sé sna LSS. Mar shampla, dúirt Kuno Meyer (1902: 8), agus é ina chéad eagarthóir ar an téacs, go bhfuil “the narrative [...] so abbreviated as to become occasionally obscure. It was evidently the chief object of the writer to preserve the quatrains, and to let his prose serve merely as a slight framework in which to set the poetry.” Nó, de réir James Carney (1955: 220–1), tá an scéal “confused and improbable”, cé go bhfuil “suggestions of beauty about it”. I gcodarsnacht le tuairimí mar sin, táim féin diongbháilte gur féidir plota loighciúil, deas réidh a athchóiriú nuair a chuirtear athruithe beaga ar ord na rann. Tá mé in amhras gur tháinig cúpla rann trína chéile agus an téacs á sheachadadh; nuair a chuirtear ceithre rann i suíomhanna eile ina bhfuil siad ar iarraidh, tagann ciall fhoirfe chun solais nach raibh ann roimhe sin.

An plota

Seo a leanas plota an scéil de réir mo thuisceana féin:

Ag tús an scéil, tá Liadhain, banfhile Muimhneach, ar chamchuart i gCúige Chonnacht. Tá fleadh ullmhaithe in ómós di ag an bhfile Connachtach Cuirithir mac Dobharchon. Iarrann sé ar Liadhain mac a ghiniúint leis. Diúltaíonn Liadhain dó mar nach mian léi an chamchuart ar a bhfuil sí faoi láthair a lot, ach geallann sí imeacht leis ina dhiaidh sin, má thagann sé chun a tí. Dá bhrí sin, téann Cuirithir ar aistear go Cúige Mumhan agus bréagrioht curtha air féin. Ní léir cé mhéad ama a chuaigh thart idir an dá linn. Agus Cuirithir ag croitheadh a shleánna taobh amuigh den lios

ina bhfuil Liadhain,³ tagann Mac Dá Chearda go tobann. Ard-óinmhid na hÉireann agus ardfhile na hÉireann ag an am gcéanna é Mac Dá Chearda, agus mac rí na nDéise i bPort Láirge ina theannta sin. Iarrann Cuirithir ar an bhfile-óinmhid teachtaireacht a thabhairt don ‘bhean mhór thall’ sa lios, mar níl cead aige féin dul isteach. I ngan fhios don léitheoir ag an bpointe seo tá Liadhain anois ina bean rialta, ach is léir sin óna dtarlóidh níos déanaí sa scéal.

Is léir gur carachtar fíorthairseachúil é Mac Dá Chearda ós rud é gur féidir leis teacht isteach sa lios. Cuireann sé teachtaireacht Chuirithir ar aghaidh i bhfoirm dáin chasta dhorcha cúig rann, lán le cóid agus claontagairtí. Dá bhfuil de mhná sa lios, is í Liadhain amháin a thuigeann an dán, toisc a cuid eolais ar an bhfilíocht chun an cód a bhriseadh. Téann sí le Cuirithir ansin agus cuireann siad iad féin faoi ‘anamchairdeas’ Chuimín Fhada. Tugann sé rogha chrua dóibh: cead a chéile a fheiceáil gan chead comhrá, nó cead comhrá gan a chéile a fheiceáil. Comhrá gan feiceáil a roghnaíonn Cuirithir, toisc go bhfuil a ndóthain dá chéile feicthe acu cheana, agus gur ‘fearrde a bheidh de chomhrá dúinn’.

Tá an bheirt acu á gcoinneáil i mainistir Chuimín Fhada; is cosúil gur i gCluain Feartha atá na himeachtaí ag tarlú, ach ní luaitear ainm na háite in aon bhall. Tá cead acu a bheith ag comhrá le chéile trí bhearnaí an bhalla (moitíf liteartha a nascann CLC le scéal Pyramus agus Thisbe i *Meiteamorfoisí* (“Claochlaithe”) an fhile Rómhánaigh Ovid, agus le dráma *Romeo and Juliet* de chuid Shakespeare; féach chomh maith Nic Cárthaigh 2023 sa chnuasach seo). Ní ábhar mór iontais don léitheoir gur gearr go dtuigeann siad nach sásúil an socrú sin, agus go gcuireann siad a dtnúthán in iúl i bhfoirm dánta. Ceadáíonn Cuimín Fada dóibh féachaint ar a chéile: ligean sé dóibh an oíche a chaitheamh le chéile, ach le mac léinn óg eatarthu, chun fáil amach cén chaoi a n-íompróidh siad iad féin. Ní léir don léitheoir ón insint cad iad imeachtaí na hoíche sin.

An mhaidin dar gcionn, tugtar an mac léinn óg go láthair Chuimín chun ‘a fhaoistin a dhéanamh’. Bagraíonn Cuimín bás air má insíonn sé bréag faoinar tharla le linn na hoíche. Bagraíonn Cuirithir bás ar an mhac ina uain, má insíonn sé aon rud faoinar tharla. Leis sin, tugtar Cuirithir amach go cill eile. Déanann Cuirithir agus Liadhain caoineadh faoina gcaillteanas, agus an bheirt acu astu féin. Cuireann Cuimín Fada i leith Liadhaine gurb í bean chéile Chuirithir í. Maíonn sí nach ndearna siad aon rud a raibh cosc air a dhéanamh. Gabhann Liadhain dán tochtmhar casta deich rann ina gcaoineann sí a grá gan dóchas do Chuirithir. Imíonn sí ar a thóir. Nuair a chloiseann Cuirithir go bhfuil sí ag triall air, teitheann sé thar lear ar

³ An shake-spear é Cuirithir?

deoraíocht roimpi, agus ní chloistear faoi as sin amach. Caitheann Liadhain nuair a bhí siad le chéile. Tar éis a báis, téann a hanam díreach chun na bhFlaitheas. Leagtar leac a huaighe anuas ar a haghaidh, an leac ar ar chaith sí laethanta deireanacha a saoil.

An fhilíocht

Is téacs prósaimeadrach é CLC, is é sin le rá go bhfuil cuid den téacs inste i bprós (67 líne in eagrán Meyer), ach an chuid eile (98 líne = 59.3%, go cinnte) i bhfoirm filíochta. Tá an prós gonta, go háirithe sa dara leath den scéal; go deimhin, tá an prós chomh gearr sin go mbíonn sé dothuigthe anois is arís. Tá 27 rann sa scéal san iomlán, an chuid is mó díobh ó bhéal Liadhaine (18). Níl ach trí rann curtha i leith Chuirithir, tuar cinnte go bhfuil fócas na hinsinte ar bhean an scéil. Is féidir an chuid is mó de na rann a chur i ngrúpaí, agus aonaid fhada a dhéanamh díobh. Déanann trí nó ceithre phéire trí mhacallaí focal agus trí chomhfhreagras dlúth a n-ábhar. Ina theannta sin, tá trí dhán níos faide ná iad ann: dán códaithe Mhac Dá Chearda ('A thech', cúig rann) atá i meascán de mheadarachtaí scaoilte; agus dán trí rann ag Liadhain ag deireadh an scéil a dtabharfainn an teideal *Eascaine* nó *Aoir Liadhaine* air ('*Cuirithir int aithéices*'). Tá dealramh air go gcruthaíonn sí achar mothúcháinach idir í féin agus Cuirithir sa dheireadh.

Ach an dán is mó a bhfuil clú agus eolas cuí air ná deich rann a thosaíonn leis na focail *Cen áinuis* 'Gan áthas' agus a dtugtar an teideal comhghnásach Béarla *Liadain's Lament* air. Ní téacs cosúil le *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* é, ina gcaointear bás duine muinteartha, ach meabhrú agus cá faoin ghrá cailte, agus machnamh faoin gcaoi a ndeachaigh chuile rud amú. Tá sé théama nó leit móitíf sa dán atá fite fuaite le chéile i bpatrún an-chasta: 1. *do'gní, gním* 'déanamh', 2. *caraid, serc* 'grá', 3. *crádaid* 'crá', 4. *dál* 'cúrsaí, ceistanna', 5. an réamhfocal *fri* 'maidir le, a bhaineann le', agus 6. *Cuirithir* (a thiontaítear i *críde* 'croí' ar deireadh). Is díol suntais go ndéanann ceithre cinn de na heochairfhocail, *caraid* (C^r), *crádaid* (Crd), *Cuirithir* (C^{rth}) agus *críde* (Crd), uaim choimpléascach le chéile. Tá macalla ann idir cuid de na heochairfhocail i *gCaoineadh Liadhaine* (go háirithe *crád*, *críde* agus *crídeserc*) agus amhráin thraidisiúnta ghrá na Gaeilge freisin. Is i meadaracht neamhghnách atá an dán scríofa. Cé go mbíonn ceithre líne ag rann de ghnáth i bhfilíocht shiollach na Sean-Ghaeilge, níl ach trí líne i rann *Caoineadh Liadhaine*; *treöchair* 'three-edged / le trí imeall' is ainm don mheadaracht neamhchoitianta seo. Ar aon dul le focail an dáin, léiríonn an mheadaracht aisti féin an easpa atá ag crá Liadhaine.

Glacadh ealaíonta comhaimseartha⁴

Fuair agus faigheann go leor de lucht na n-ealaíon sa 20ú agus sa 21ú haois inspioráid ó scéal Liadhaine agus Cuirithir, idir fhilí, cheoltóirí agus ealaíontóirí. Le linn an Chéad Chogadh Domhanda, cheap an file Moireen Fox a Cheavasa (1883–1972) sraith 108 (!) dán darb ainm *Liadain and Curithir*. D'fhoilsigh Katherine Arnold Price (1893–1989) an dán *Curithir Making his Pilgrimage* sa *Dublin Magazine* i 1925. Tar éis breis agus tríocha bliain a chaitheamh á athbhreithniú, d'athfhoilsigh sí é faoin teideal *Perpetual Dialogue of Curithir and Liadain* i 1957. Lean dán eile léi, *Curithir and Liadain – II*, i 1963. Rinne George Brandon Saul (1901–1986) athinsint ar an scéal ina chnuasach *Liadain and Curithir: A Medieval Irish Love Story. And Four Tales from the Elf-Mounds* (1970). Sna nóchaidí, chum Catherine Byron (1947–) sraith dánta faoin ábhar seo a foilsíodh sna cnuasaigh *The Fat-Hen Field Hospital* (1993) agus *The Getting of Vellum* (2000). Is cuid den leabhar *Celtic Love. Ten Enchanted Stories* (2000) ag Caitlín Matthews (1952–) an scéal darb ainm *A Harp of Stone*. Tá aistriúcháin rime na mbundánta ann freisin. Agus i ndeireadh na dála, chuir Gabriel Rosenstock (1949–) an dán *Liadhain* sa duanaire uile-Ghaelach *An Leabhar Mòr. The Great Book of Gaelic* (2002).

Maidir le lucht an cheoil tá sainspéis acu i ndánchaoineadh Liadhaine *Cen áinuis*. Cheap ní lú ná cúigear cumadóirí ceol don dán seo: *Liadain* le Rhona Clarke (1958–) i 1988, *The Longing of Liadain* le Adrian Vernon Fish (1956–) i 1996, agus *Liadain agus Cuirithir* le Dave Flynn (1977–) i 2007/9. Bhí *première* ar dhá phíosa nua i 2022: *Liadain* a cheap Siobhán Cleary (1970–) le guth agus dordveidhil i 2020, agus *Cen Áinuis*, píosa córuil a cheap Criostóir Ó Loingsigh mar chuid de Léachtaí Cholm Cille 53. Ina theannta sin, tá cúpla saorchóiriú ann: *A Celtic Romance. The Legend of Liadain and Cuirithir* (1998) le Mychael (1958–; Academy Award 2013) agus Jeff Danna (1964–), agus *Liadain and Cuirithir* (2003), ceol uirlise trí nóiméad a cheap John Kenny (1957–) agus an ensemble Carnyx & Co. do dhís *carnyx*, coimisiúnaithe don Festival Interceltique de Lorient i 2003. Liadain an t-ainm atá ar an ngrúpa cáiliúil bancheoltóirí traidisiúnta a bunaíodh i Luimneach i 2004.

Mar fhocal scoir, is féidir cúpla amharc-ealaíontóir a lua a chruthaigh píosaí ealaíonta faoi anáil CLC. Rinne an callagrafaí Denis Brown sraith saothar dar teideal *Otter* agus *Otter Waters* i 2002. Mhaisigh an callagrafaí Donald Murray (1929–2018) agus an t-ealaíontóir William Brotherston (1943–), an bheirt acu as Albain, léaráidí do dhán *Liadhain* ag Gabriel

⁴ I gcomhair na míre a leanas, táim ag brath ar thráchtas MPhil. mic léinn agam, Maria Hinterkömer 2006, den chuid is mó.

Rosenstock sa *Leabhar Mór*. Is tábla triantánach le cóiriú do 39 mná miotasacha, stairiúla nó suntasacha é an suiteán *The Dinner Party* (1974–9) ag an ealaíontóir Meiriceánach Judy Chicago (1939–). Laistiar den tábla, luaitear ainmneacha 998 ban breise, ainm Liadhaine ina measc.

Leabharliosta

- Breatnach, Liam (2017) ‘The *Trefocal Tract*: an early Middle Irish text on poetics’. In: Ó Riain, Gordon. *Dá dTrian Feasa Fia-fraighidh. Essays on the Irish Grammatical and Metrical Tradition*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies: 1–65.
- Carney, James (1955) *Studies in Irish Literature and History*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Henry, Patrick Leo (1991) *Dánta Ban. Poems of Irish Women Early and Modern*. Dublin: Mercier Press.
- Hinterkórner, Maria (2006) *Comracc Liadaine ocus Cuirithir: Die moderne Rezeption eines altirischen, prosimetrischen Textes*. Tráchtas MPhil., Ollscoil Vín.
- Meyer, Kuno (1902) *Liadain and Curithir. An Irish love-story of the ninth century*. Londain: Nutt.
- Ní Dhonnchadha, Máirín agus Deane, Seamus (2002) ‘Anonymous. Comrac Liadaine ocus Chuirithir (The Union of Liadain and Cuirithir) (10th century)’. In: Bourke, Angela et al. *The Field Day Anthology of Irish Writing. Volume IV. Irish Women’s Writing and Traditions*. Cork: Cork University Press i gcomhar le Field Day: 115–118.
- Ó Coileáin, Seán (1974) ‘The Structure of a Literary Cycle’. In: *Ériu*. 25: 88–125.
- Stifter, David (le heisiúint) *Trí Chéill inna Filed, trí Dliged in Dáno* [= Maynooth Medieval Irish Texts]. Hagen/Westf.: Curach Bhán Publications.

Cen Áinius le Criostóir Ó Loingsigh

Réamhrá an Chumadóira

Oir dtús, ba maí liom baodačas ó croide do gabáil leis an Oll. Tríona Ní Shíocháin agus leis an Oll. David Stifter, mar níor b’ann don píosa so gan iad. Tríona a tug cuireadh dom amrán Sean-Gaoidilge do cumadh i gcóir *Léachtaí Cholm Cille 2022* (a d’eagruig sí go pointeálta le Máire Ní Annracháin, agus traoslúigim a ngaisce leó), agus David a roinn go fial liom a cuid sain-eólais oir an téacs Sean-Gaoidilge *Comrac Liadaine ocus Chuirithir*. Toisc mo saotar féin beir bunuigie go dlúit oir an tuisceint doimín a fuair sé trí bliadnaib do cáiteam leis an téacs, do tiomnuigeas *Cen Áinius* do David Stifter.

Is do cúig ban-gúta do cumas an t-amrán, ní a-máin mar gur soidbre cúig gúta ná na ceitre gúta a geibtear i ngnát-cór, ac toisc gur cúig úaire a luaidtear ainm Cuirithir i san dán, agus gur féidir an dán féin a roinnt ionas gur cúig rann atá i ngaic leat.

Agus mé og cumadh ceóil do gútaib, is mian liom (1) na h-íomáiganna/samlaça (a spreagas na focail) do spreagadh --trí fuaimeib-- i samlaideacht an luict éisteaçta (.i. “datugað focal”), (2) strúctúr an téacs do léiriugað an oiread is féidir, agus (3) “móitíf” nú bun-adbar (munar b’fearr *buan*-adbar nó “at-adbar/at-damna/at-samlaças”), .i. smaoineam (ceóil) a filleas, a beir og gabáil go búan le gaic focal/samail/smaoineam a filleas i san téacs.

Mar sampla, tosnuigeann an píosa leis an bfocal *cen* (“gan”) oir corda *gan* (!) tréac (A (€) E), agus d’úsáideas corda “oscailte/foiam”, leis, oir an bfocal *chena(e)* (“cheana, seachas é”) agus oir an bfocal deirid *cena* (“gan é”), ionas go bfuil “dúnað” i san ceól, fé mar atá i san dán féin.

Cloisfear/Ćifear sampla ina dtig forbairt oir an “at-adbar” i san méid seo leanas: cantar leit-céim síos oir *á* /a:/ an focail *ánius* (“áneas/taitneam”) agus --ina diaid sin, toisc na comfuaime-- oir gaic focal ina bfuil *á* (.i. *ro·cráidius*, srl.), ac mar barr oir sin, léirigeann David Stifter tábaçt/téama na bfuaimeanna *c_r(_d/th)* i bfoclaib de leithéid *ro·c(h)arus/ro·cráidius/ro·cráidi/Cuirithir/no·caraimn/chride(šerc)*, agus léirigim-se an gaol son trí “at-adbar” coitceann do cur leó go léir:

- “at-adbar *ro·charus*” (leit-céim síos mar ceàtrama-nótaí)
 “at-adbar *ro·cráidius*” (leit-céim síos mar octrnađ-nótaí)
 “at-adbar *Chuirithir*” (leit-céim agus tréac síos)
 “at-adbar *cride*” = (leit-céim síos agus suas)

I mbarra 30, luaidtear ainm Ćuiritir den céad úair, agus i mbarra 36, nuair a labras Líadain a hainm féin (*Mé Líadan*), is le h-at-adbar Ćuirithir a canas sí a hainm sin.

Toisc go bfuil an oiread son ceóil (maidir le h-úaim, srl.) i bfoclaib rann 6 (*Céol caille; fom chanad la Cuirithir; la fogur fairce flainne*), níor b'foláir liom an oiread ceóil atá ionnta do buint astu, agus é do cur mar croide agus mar barr-céim m'ainrám féin (b.45-62). Tá an t-at-adbar a gabas leis (C C A) bunuigte oir na foclaib féin (*Céol caille*) mar ar glacas le C na bfochal mar an nóta C, agus le L na bfochal mar *la* (A) in ainmideact *solfa*.

I rann deirid an dáim (agus mo píosa-sa), briseann an focal *ro·thethand* (“do bhris”) patrún na h-úaime ná bristear ac in aon áit a-máin eile, .i. oir an bfochal *Líadan*. Dá réir sin, úsáidim at-adbar Líadaine (ar b'ionann é agus at-adbar Ćuiritir) ac é atriugte/briste a-nois mar atá croide Líadaine féin.

Cen Áinius

(ssmaa)

le

Críostóir Ó Loingsigh